Polasaí Éide Scoile Scoil Éinne

1. Réamhrá

1.1

Baineann an polasaí seo le daltaí na scoile, lena gcuid tuismitheoirí/caomhnóirí agus le foireann na scoile.

1.2 Baint le sainspiorad na scoile

Is cuid lárnach d'aitheantas dhaltaí na scoile í an chulaith scoile. Táthar ag súil go gcaithfidh gach dalta an chulaith scoile le dínit agus le bród. Tá sé mar aidhm ag Scoil Éinne timpeallacht shlán,shábháilte a chur ar fáil do chuile dalta, áit a dtugtar chuile thacaíocht le barr feabhais a c(h)umas acadúil, pearsanta, sóisialta agus móralach a bhaint amach, le féinmheas agus le meas ar a chéile.

1.3 Comhthéacs

Deineadh an polasaí seo a fhorbairt tré chomhairliúchán le páirtithe leasmhara na scoile agus ag teacht le héiteas na scoile. Ba chóir go léifí é i gcomhthéacs Pholasaí Sláinte agus Sábháilteachta, Pholasaí Iompair, Pholasaí Turais Scoile agus Pholasaí Frith-Bhulaíochta na scoile.

1.4 Réasúnaíocht

Tacaíonn éadaí sábháilte agus feiliúnacha go mór leis an bhfoghlaim. Creidtear i Scoil Éinne gur cuid lárnach d'éiteas na scoile an chulaith scoile, agus go bhfuil ról tábhachtach aici chun iompar dearfach, aitheantas agus bród scoile a chothú.

1.5 Spriocanna an pholasaithe

- Is é polasaí na scoile go gcaitheann daltaí an chulaith scoile iomlán le linn am scoile.
- Cothaíonn an chulaith scoile aitheantas i measc daltaí faoi phobal scoile.
- Tacaíonn an chulaith scoile le cothromaíocht idir daltaí agus le comórtas a sheachaint.
- Cabhraíonn sí le heagar i dtimpeallacht na scoile.
- Cothaíonn sí freagracht phearsanta. Ní mór do gach dalta a chinntiú go bhfuil siad ag caitheamh éadaí scoile glana, slachtmhara i gcónaí.

1.6 CÓD ÉIDE SCOILE

- Ní mór do gach páiste éide scoile a chaitheamh i gcónaí, seachas ar na laethanta a bhfuil corpoideachas nó snámh acu. Ar na laethanta sin, ní mór dóibh éide spóirt na scoile a chaitheamh.
- Caithfear ainm an pháiste a mharcáil go soiléir ar na héadaí.
- Ba chóir don éide scoile a bheith coinnithe glan agus néata.
- Ceadaítear bríste gearr spórt, aondathach, dorcha ón gCáisc go dtí 30ú Meán Fómhair.
- Níl cead geansaí húdaí ar bith a chaitheamh os cionn geansaí na scoile seachas geansaí Rang 6.
- Níl cead cótaí a chaitheamh sa seomra ranga.
- Ba chóir do dhaltaí scoile a bheith aireach gur ionadaithe iad ar an scoil, agus go bhfuil tionchar ag a n-iompar ar íomhá phoiblí na scoile agus iad ag caitheamh éide scoile. Baineann seo le himeachtaí seach-churaclam go háirithe.
- Tá sé de dhualgas ar gach dalta éide scoile a chaitheamh ag ócáidí scoile.
- Caithfidh éide spóirt iomlán a bheith ag daltaí aon lá a mbíonn corpoideachas acu.
- Ar mhaithe le sábháilteacht, iarrtar ar pháistí gan seodra a chaitheamh. Má tá fáinní cluaise á gcaitheamh ag páistí, ní cheadaítear ach *'studs'* agus ní fáinní cluaise fada, mar gur féidir leo a bheith contúirteach.

- Caithfear gruaig fhada a choinneáil ceangailte siar i gcónaí.
- Ní ghlacann an scoil aon fhreagracht as éide scoile a bhíonn caillte nó ar iarraidh.
- Déantar eisceacht do dhaltaí uathachais le riachtanas céadfach i gcomhairle leis an gcomhordaitheoir riachtanais speisialta.
- Ceadaítear roinnt laethanta saor ó éide scoile le faomhadh ón bPríomhoide.

2. Ábhar an Pholasaithe

2.1 Seo a leanas éide oifigiúil na scoile

Cailíní
Pilirín dubhghorm nó bríste dubhghorm
Blús bán nó Póló bhán
Cairdeagan dubhghorm
Geansaí muineál v
Bróga dubha ísle leathair iomláin/ bróga reatha go hiomlán dubh (níl cead dath ar bith eile a bheith ar na bróga) atá an páiste féin in ann a oscailt agus a dhúnadh gan cúnamh.

Buachaillí
Treabhsar liath
Léine bhán nó póló bán
Geansaí dubhghorm (v)
Bróga dubha ísle leathair iomláin/ bróga reatha go hiomlán dubh (níl cead dath ar bith eile a bheith ar na bróga) atá an páiste féin in ann a oscailt agus a dhúnadh gan cúnamh.

Is í culaith scoile Chorpoideachais na scoile ná:

Éide Spóirt
- Bróga reatha atá glan slachtmhar agus sábháilte (Tugtar iad seo chun na scoile i mala ar lá a mbíonn Corpoideachas ag an rang).
- Má tá bróga reatha go hiomlán dubh ag an dalta, tá cead iad a chaitheamh don Chorpoideachas.
- Bróga reatha le *velcro* a moltar i ranganna na Naíonán agus i Rang 1, más féidir. Bróga atá an páiste féin in ann a oscailt agus a dhúnadh gan cúnamh.
- Culaith reatha Scoil Éinne.
- Léine-phóló bhán.
- Is le linn ranganna corpoideachais amháin a chaithfear éide scoile.
- Tá éide spóirt oifigiúil na scoile ar fáil ón *National Schoolswear Centre.*

IMEACHTAÍ SPÓIRT
Beidh ar dhaltaí éide spóirt oifigiúil na scoile a chaitheamh ag imeachtaí spóirt/ ar thurais Scoile

2.2 Riachtanais
Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na pointí seo a leanas:
- Is í an Ghaeilge an teanga a labhraítear i gcónaí mar ghnáth theanga chumarsáide agus an éide scoile á caitheamh. .

- Caithfidh na páistí éide scoile Scoil Éinne a chaitheamh chuile lá, seachas ar an lá go mbíonn Corpoideachas ar siúl acu.
- Moltar dhá gheansaí scoile a bheith ag gach páiste agus *velcro* mar cheangal bróg/ nó bróga reatha sna naíonáin.
- Ní mór do chuile pháiste bheith in ann a gcuid bróga a oscailt agus a dhúnadh gan cúnamh.
- Sa gcás go mbíonn cúis dháiríre ag dalta teacht ar scoil gan an éide scoile iomlán á caitheamh acu, ba cheart dó/di nóta mínithe ina thaobh, sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir a thabhairt ar scoil.
- Caithfear an éide scoile cuí a chaitheamh ar thurais scoile agus ag ócáidí scoile i gcónaí ach sa gcás go ndeirtear a mhalairt.
- Táthar ag súil le hardchaighdéan glaineachta ó gach dalta.
- Ní mór do dhaltaí na bróga reatha a chaitheamh don Chorpoideachas ar mhaithe le sláinte agus sábháilteacht.
- Beifear ag súil le comhoibriú gach dalta i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo
- Beifear ag súil le comhoibriú an tuismitheora/chaomhnóra i gcur i bhfeidhm an pholasaí seo i gcónaí.

2.3 Seodra

- Tá cead fáinne cluaise stoda amháin a chaitheamh.
- Tá cead ag an scoil aon seodra atá ag dalta gur bhaol sláinte agus sábháilteachta é a thógáil ó dhalta.
- Ní cheadaítear uaireadóirí cliste ar scoil gan cead a iarraidh ar fhoireann bhainistíocht na scoile m.sh *FitBit, Apple Watch* srl.

2.4 Gruaig

- Ba chóir stíleanna gruaige a bheith néata agus simplí, agus de dhath nádúrtha. Is í foireann bhainistíocht na scoile a ghlacfaidh cinneadh faoi chéard is "nádúrtha" ann.
- Ba chóir do ghruaig a bheith néata, slachtmhar agus curtha siar ón éadan.
- Ní mór aird a thabhairt ar theachtaireachtaí ón scoil maidir le míolta gruaige agus treoracha FSS a leanacht.

2.5 Smidiú, dath gréine bréige, tatú, péint aghaidh, henna

- Caithfidh daltaí a bheith saor ó smidiú, ó dhath gréine bréige, ó thatú, ó phéint aghaidh agus ó henna ar scoil agus/nó imeachtaí scoile.

2.6 Ingne

- Ba chóir go mbeadh ingne glana agus gearra ag gach páiste
- Ní ghlactar ach le hingne nádúrtha, gan phéint.

3. <u>Róil agus Freagrachtaí</u>

<u>3.1 Freagrachtaí na dTuismitheoirí/gCaomhnóirí</u>

Braitheann an scoil ar thacaíocht na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus an polasaí seo á chur i bhfeidhm aici.
Tá freagracht ar gach tuismitheoir/caomhnóir a chinntiú go bhfuil

- Do pháiste ag caitheamh a n-éide scoile iomlán cuí ar scoil agus chuig gníomhaíochtaí scoile.
- Cúis cheart ag daltaí a bheith gan éide scoile agus go bhfuil nóta dátaithe agus sínithe ag tuismitheoir/caomhnóir seolta chuig a m(h)úinteoir ranga ag míniú na cúise.

- Lipéid shoiléir le hainm an dalta ar gach cuid den chulaith scoile le peann buan níocháin.
- Éadaí feiliúnacha á gcaitheamh ag an dalta ar laethanta atá 'saor ó éide scoile';
- Cinntiú go gcaitheann siad an éide spóirt nuair a bhíonn rang corpoideachais acu.

3.2 Freagrachtaí na Múinteoirí

Déanfaidh múinteoirí monatóireacht ar an éide scoile ar bhonn laethúil.

4. Sa gcás nach gcloínn dalta leis an bpolasaí seo:

- Má tá dalta ag caitheamh ball éadaigh nó seodra nach dtagann leis an éide scoile, iarrfar air/uirthi é a chur ina m(h)ála. Má bhíonn tuilleadh fadhbanna ann, tógfar an ball éadaigh nó seodra uaidh/uaithi.
- Is iad údaráis na scoile a thógfaidh an cinneadh faoi chéard is caighdeán sásúil éide scoile ann.

5. Costas

Sa gcás na gcloínn dalta leis an bpolasaí seo, déanfar fiosrúcháin chiúine le tuiscint a fháil ar an scéal. Más ar chúiseanna airgid é, léireoidh Scoil Éinne tuiscint ar an scéal go discréideach agus tabharfar tacaíocht don chlann an éide scoile a cheannach don dalta.

Cur i bhfeidhm

Cuirfidh an Príomhoide, múinteoirí, scoláirí, foireann riaracháin, agus tuismitheoirí Scoil Éinne an polasaí seo i bhfeidhm. Pléifear na cleachtais i dtaobh an éide scoile ag cruinnithe foirne go minic.

Glactha agus faofa ag an mBord Bainistíochta i Scoil Éinne

Síniú an Chathaoirligh: Máire Ní Neachtain

Síniú an Phríomhoide: Pádraigín Ní Lionnáin

Dáta: 06/11/23

Tá sé ar fáil do pháirtithe leasmhara na scoile.

Déanfar athbreithniú bliantúil air, agus/nó athrófar é de réir mar is gá.